Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021
(OR. en)

8862/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0190(COD)**

CODEC 715
CULT 35
AUDIO 56
CADREFIN 250
RELEX 442
PE 52

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, 18 go 21 Bealtaine 2021) |

## I. VÓTÁIL

An 19 Bealtaine 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 14146/1/20 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## P9_TA(2021)0239

## Clár Eoraip na Cruthaitheachta ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2021 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 (14146/1/2020 – C9-0134/2021 – 2018/0190(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (14146/1/2020 – C9-0134/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 12 Nollaig 2018[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 6 Feabhra 2019[3],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[4] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0366),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (A9-0161/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire na ráitis ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo;

3. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

4. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le

[2] IO C 110, 22.3.2019, lth. 87.
[3] IO C 168, 16.5.2019, lch. 37.
[4] IO C 108, 26.3.2021, lch. 934.

hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

5. á threorú dá hArdrúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

6. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

### Ráitis ón gCoimisiún

I gcomhthéacs aithris 23 agus Iarscríbhinn I, Airteagal 1, gníomhaíochtaí speisialta e) chomh maith le hAirteagal 7(5) den Rialachán thuasluaite, mar a chomhaontaigh na comhreachtóirí an 14 Nollaig 2020, dearbhaíonn an Coimisiún Eorpach an rún atá aige glaonna ar thograí a sheoladh lena n-iarrtar iarratais ar dheontais oibriúcháin ilbhliantúla, ar deontais iad a bhféadfadh Ceolfhoireann Óige an Aontais Eorpaigh agus eintitis eile iarratas a chur isteach ina leith agus lena soláthrófaí an chobhsaíocht is gá le haghaidh fheidhmiú riachtanas na n-eintiteas sin. Beidh na glaonna sin faoi réir ghlacadh clár oibre, ina leagfar amach na coinníollacha beachta, amhail uainiú na nglaonna nó fad na gcomhaontuithe deontais atá beartaithe. Anuas air sin, dearbhaíonn an Coimisiún an rún atá aige an chéad cheann de na glaonna sin a sheoladh i gclár oibre bliantúil 2021. Tá an rún sin faoi réir ghlacadh an rialacháin thuasluaite agus an chomhaontaithe deiridh maidir le buiséad an Aontais le haghaidh 2021.

***

Is oth leis an gCoimisiún gur chinn na comhreachtóirí an lógó MEDIA a choinneáil. Tá sé sin ag teacht salach ar an gcur chuige cothrománach gan lógónna clár-shonracha a bheith ann faoi bhuiséad fadtéarmach na todhchaí. Is é atá ar intinn ag an gCoimisiún deimhin a dhéanamh de go gcothófar caidreamh idir muintir na hEorpa agus an tAontas ina iomláine de thairbhe cláir éagsúla na hEorpa a bheith ag baint úsáid as an suaitheantas aonair Eorpach. Is coiteann an suaitheantas sin d’Institiúidí uile an Aontais, agus beidh sé ina chuid thábhachtach de na riachtanais shimplí chomhleanúnacha cheangailteacha maidir le cumarsáid agus infheictheacht ar fud na gclár. Chun teacht ar chomhaontú foriomlán i dtaca leis an gclár, is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis lógó na MEÁN a choinneáil ar an gcoinníoll nach mbainfidh sé ach le fad na clárthréimhse atá i gceist.

Níl aon amhras ar an gCoimisiún go mbíonn níos mó éifeachta le gníomhartha an Aontais a chur in iúl agus a dhéanamh follasach don phobal go forleathan gan úsáid a bhaint as aon lógó clár-shonrach. Beidh an Coimisiún ar fáil do na comhreachtóirí go fóill chun an méid sin a léiriú achar maith roimh chaibidlíocht na tréimhse cláraithe ina dhiaidh sin.